



## Eolas ar an gCreat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí

Earrach 2013



An Roinn Oideachais agus Scileanna

Gabhann an Roinn Oideachais agus Scileanna buíochas leis na scoileanna anseo thíos as cead a thabhairt grianghraif a úsáid:

Scoil Ghramadaí Dhroichead na Bandan, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí  
Pobalscoil Chaimín Naofa, Sionainn, Co. an Chláir  
Pobalscoil Naomh Marcas, Tamhlacht, Baile Átha Cliath  
Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

Arna fhoilsiú ag  
An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Sráid Mhaoilbhríde  
Baile Átha Cliath 1

Earrach 2013

© An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013

Rinneadh an t-aistriúchán ar na Ráitis Foghlama sa téacs seo a uasdátú i Meán Fómhair 2014 ionas go mbeadh sé ag teacht níos cruinne le cuspóir na ráiteas foghlama.

**Eolas ar an  
gCreat le haghaidh na Sraithe  
Sóisearaí**

**Earrach 2013**



AN BÓIEN | DEPARTMENT OF  
OIDEACHAIS | EDUCATION  
ACUS SCILEANNA | A N D S K I L L S

---



## An Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí

Foilsíodh *An Creat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí (An Creat)* i mí Dheireadh Fómhair 2012. Bunaíodh *an Creat* ar chomhairle a thug an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta don Roinn (CNCM) (atá leagtha amach in *I dtreo Chreat le haghaidh na Sraithe Sóisearaí* (Samhain 2011) agus ar thaighde a rinneadh ar chúrsaí oideachais do dhaoine óga idir 12 agus 15/16 bliana. Gheofar doiciméad *an Chreata* le híoslódáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie) and ag [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie).

## Cén fáth a gcaithfear an tsraith shóisearach a athrú?

Ní mór an taithí a bhíonn ag daltaí ar an oideachas sa tsraith shóisearach a athrú de bhrí nach féidir le múinteoirí scileanna agus cumas daltaí a fhorbairt ar an tslí is inmhianaithe faoi na socrúithe atá ann i láthair na huaire. Agus níos tábhachtaí ná sin, ní léiríonn an tsraith shóisearach mar atá sí spéiseanna agus riachtanais ár ndaltaí uile.

D'ainneoin tréaniarrachtaí na múinteoirí, is eol dúinn gnéithe áirithe a bheith sa chóras a thagann salach ar iarrachtaí chun eispéireas leathan cothrom foghlama a sholáthar dár ndaltaí, eispéireas a mbainfidh siad taitneamh as.

- Tá inní orainn mar gheall ar na caighdeáin litearthachta agus uimhearthachta a shroicheadh na daltaí. Leagtar amach sa *tSraitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020 (2011) (An Straitéis)* straitéis an Aire maidir le litearthacht agus uimhearthacht agus tá príomhaidhmeanna na *Straitéise* sin comhtháite sa *Chreat*. Tá líon suntasach daltaí chéad bhliana, mar shampla, nach n-éiríonn go maith leo sa Bhéarla ná sa mhatamaitic.
- Is eol dúinn ó thaighde a rinne an ESRI go dtugann líon áirithe daltaí dara bliana droim láimhe leis an bpróiseas foghlama.
- Is eol dúinn go gcuireann na socrúithe scrúdaithe reatha daltaí faoi bhrú, go háirithe sa tríú bliain, agus go gcuireann siad teorainn lena n-eispéiris foghlama.
- Ní hionann an cleachtas measúnachta atá i bhfeidhm anois ag deireadh na sraithe sóisearaí in Éirinn agus an cleachtas is fearr i dtíortha eile ina bhfaightear torthaí maithe sa chóras oideachais. Is mó fianaise idirnáisiúnta anois a thaispeánann go dteorannaítear an t-eispéireas foghlama mura bhfuil i gceist sa chóras measúnachta ach scrúduithe agus tástálacha seachtracha, toisc go leanann sé nach ndíríonn daltaí ná múinteoirí ach amháin ar an méid is gá chun toradh maith a fháil sna scrúduithe sin, seachas cloí le clár oideachais a chomhlíonadh riachtanais daltaí agus a gcuirfidís spéis ann.
- Tá an scrúdú stáit a reáchtáiltear ag deireadh na tríú bliana préamhaithe sa scrúdú fhágáil na scoile a bhíodh ann fadó, cé go leanann formhór na ndaltaí anois ar aghaidh go dtí an tsraith shinsearach agus go dtí cineálacha eile oideachais agus oiliúna.
- Gairmithe i réimse an oideachais is ea múinteoirí agus mar sin beartaítear breis smachta a thabhairt dóibh ar an méid a mhúintear sna scoileanna agus

ar an tslí a mheasúnaítear an fhoghlaim iontu. Cuid den iarracht chun múinteoirí a spreagadh chun féinmheasúnaithe agus chun machnaimh ar a bhfuil á múineadh acu a bheidh san fhorbairt seo. Ceapadh *an Creat* agus na *Treoirlínte Féinmheasúnaithe* (Samhain 2012) chun solúbthacht agus cumhacht a thabhairt do na scoileanna, seachas iad a theorannú, agus clár sraithe sóisearaí á fhorbairt acu a fhreastalóidh ar riachtanais phearsanta agus ar riachtanais oideachais a gcuid daltaí. Beidh ceangal díreach idir fheidhmiú *an Chreat*, feidhmiú *Féinmheastóireacht Scoile* agus feidhmiú na riachtanas maidir le meastóireacht scoile uile.

## Cad iad bunphrionsabail an athraithe seo?

Ocht bprionsabal atá laistiar den *Chreat don tSraith Shóisearach*. Ar na prionsabail sin a bhunófar an phleanáil maidir le forbairt agus feidhmiú an chláir sraithe sóisearaí sna scoileanna.

### PRIONSABAIL AN OIDEACHAIS SRAITHE SÓISEARAÍ

<p><b>Cáilíocht</b> Gheobhaidh gach dalta oideachas ar ardchaighdeán. Beidh ionchais arda ag na foghlaiméoirí agus féachfar leis na hionchais sin a chomhlíonadh.</p>	<p><b>Folláine</b> Cuirfidh taithí an dalta ar an oideachas lena bhfolláine fhisiceach, mheabhrach, mhothúchanach agus shóisialta agus ar a gcumas déileáil le dúshláin. Foghlaiméoidh daltaí i dtimpeallacht ina ndéanfar cúram d'fholláine daltaí, an phobail agus na sochaí.</p>
<p><b>Cruthaitheacht agus nuáil</b> Tabharfaidh an curaclam, na modhanna measúnaithe, an teagasc agus an fhoghlaim deiseanna do dhaltá a bheith cruthaitheach agus nuálach.</p>	<p><b>Rogha agus solúbthacht</b> Beidh clár sraithe sóisearaí na scoile leathan a dhóthain chun raon leathan eispéreas foghlama a thairiscint do na daltaí ar fad, agus solúbtha a dhóthain chun freastal ar riachtanais daltaí.</p>
<p><b>Bheith páirteach agus díograiseach</b> An taithí a bheidh ag daltaí ar an gcuraclam, ar mhodhanna measúnaithe agus ar mhodhanna teagaisc agus foghlama, spreagfaidh sé iad le bheith rannpháirteach in imeachtaí éagsúla agus díograiseach mar gheall orthu. Beidh sí ina cheangal idir saol na scoile agus an saol lasmuigh.</p>	<p><b>Oideachas ina dtugtar aird ar chách</b> Beidh deis ag gach dalta bheith páirteach san eispéreas foghlama agus cinnteofar go mbeidh ar chumas gach dalta leas a bhaint as deiseanna, bheith rannpháirteach agus torthaí sásúla a bhaint amach.</p>
<p><b>Leanúnachas agus forbairt</b> Cuirfidh an curaclam, na modhanna measúnaithe, an teagasc agus an fhoghlaim ar chumas daltaí tógáil ar an méid atá foghlamtha acu go dtí seo, aitheantas a fháil don fhoghlaim sin mar aon le tacaíocht dá gcuid foghlama sa todhchaí</p>	<p><b>Ag foghlaim conas foghlaim</b> Tacaíocht do dhaltá i se curaclam, measúnú, múineadh agus foghlaim ar ardchaighdeán agus iad ag iarraidh neamhspleáchas a bhaint amach agus bheith ullamh do dhúshláin tar éis na scoile, sa bhreisoideachas agus i saol na hoibre</p>

## Cad ba cheart do dhaltá a fhoghlaim?

An fhoghlaim a bheidh i gceist sa tsraith shóisearach, tuairiscítear í sna 24 ráiteas foghlama thíos. Tuairiscítear sna ráitis an méid a bheidh ar eolas ag daltaí ag deireadh na sraithe sóisearaí, an méid a thuigfidh siad, na nithe a mbeidh meas acu orthu agus a thuigfidh siad, agus an méid a bheidh siad in ann a dhéanamh. Ba cheart dóibh eochairscoilleana a shealbhú le linn na foghlama, leis. Comhlánú ar na prionsabail is ea na ráitis foghlama agus na heochairscoilleana.

## RÁITIS FOGHLAMA

1. Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1<sup>1</sup>.
2. Éistean, labhraíonn, léann agus scríobhann an scoláire sa T2 agus i dteanga amháin eile ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin.
3. Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a thuiscint agus a léirmhíniú go criticiúil.
4. Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist.
5. Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh.
6. Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.
7. Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)eoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.
8. Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá leis an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.
9. Tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórtimpeall air/uirthi.
10. Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.
11. Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.
12. Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil.
13. Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe agus roghanna á ndéanamh aige/aici a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála.
14. Déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha.
15. Aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúil i réimsí uile na foghlama.
16. Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.
17. Déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáide as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla.
18. Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí astu.
19. Tá meas ag an scoláire ar ról agus thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí, agus an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo.
20. Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha.
21. Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla.
22. Léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta.
23. Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú.
24. Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eificiúil.

---

<sup>1</sup> Is í T1 an teanga ina bhfeidhmíonn an scoil .i. Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Is í T2 dara teanga na scoile .i. Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge

## EOCHAIRSCILEANNA

Bunphrionsabail de chuid an Chreata is ea é go mbeidh daltaí ag sealbhú eochairsbileanna éagsúla le linn na sraithe sóisearaí ar fad: Is iad na heochairsbileanna sin:

- Litearthacht
- Uimhearthacht
- Mé féin a bhainistiú
- Bheith folláin i gcónaí
- Cumarsáid a dhéanamh
- Bheith cruthaitheach
- Dul i mbun oibre le daoine eile
- Faisnéis agus smaointe a bhainistiú

Comhlánú ar an *Straitéis* a bheith i gcur i ngníomh an *Chreata* agus go háirithe i sealbhú na heochairsbileanna aitheanta.

### Clár sraithe sóisearaí a phleanáil sa scoil

Treoir thábhachtach do na scoileanna a bheidh sna prionsabail, sna ráitis foghlama agus sna heochairsbileanna, agus iad ag ceapadh a gclár sraithe sóisearaí féin. Treoir a bheidh iontu, leis, do na daltaí agus do na tuismitheoirí maidir leis an méid is féidir leo a bheith ag súil leis ón tsraith shóisearach. Soláthroidh siad fócas a spreagfaidh scoileanna, tuismitheoirí agus daltaí chun an cineál cláir is fearr a fhreastalódh ar riachtanais daltaí a phlé.

### An gciallaíonn sé nach múinfear na hábhair thraidisiúnta níos mó?

Ní chiallaíonn. Leanfaidh na daltaí ar aghaidh ag foghlaim ábhair ar leith agus leanfaidh múinteoirí ar aghaidh ag múineadh ina sainréimsí féin.

Lena chois sin, beidh ar chumas scoileanna raon gearrchúrsaí (a bheidh cothrom le leath-ábhar nó mar sin) a thairiscint agus beidh cúrsaí speisialta (aonaid foghlama tosaíochta) ar fáil do dhaltaí atá faoi mhíchumas éadrom agus meánach foghlama.

Beidh an tsolúbthacht ag scoileanna chun meascán d'ábhair, de ghearrchúrsaí agus d'aonaid foghlama tosaíochta a thairiscint. Beidh daltaí aonair in ann piocadh as an raon ábhar, gearrchúrsaí agus aonaid foghlama tosaíochta a bheidh ar fáil ina scoil féin. Cuirfidh an tsolúbthacht sin ar chumas scoileanna na deiseanna foghlama is fearr a d'oirfeadh dá ndaltaí féin a chur ar fáil.

### Cé na hábhair a bheidh ar fáil?

Aon ábhar is fiche a bheidh ar fáil. Dhá chéad uair an chloig ar a laghad d'am teagaisc in imeacht trí bliana a bheidh i gceist i bhformhór na n-ábhar sa siollabas (ar a dtabharfhar sonraíochtaí as seo amach). Eisceacht air sin a bheidh sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa mhatamaitic, ina ndéanfar soláthar le haghaidh 240 uair an chloig d'am teagaisc.



Seo a leanas na hábhair:

Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh	Staidéar Gnó	Na Clasaicigh (a ghabhfaidh áit na Laidine, na Gréigise agus an Staidéir Chlasaicigh)
Béarla	Fraincis	Tíreolaíocht
Germáinis	Stair	Eacnamaíocht Bhaile
Gaeilge	Iodáilis	Staidéar Giúdach
Teicneolaíocht Ábhar/Adhmaid	Matamaitic	Miotalóireacht
Ceol	Oideachas Reiligiúnach	Eolaíocht
Spáinnis	Grafaic Theicniúil	Teicneolaíocht

## Conas mar a sceidealfar na hathruithe?

De réir a chéile a thabharfar sonraíochtaí athchóirithe na n-ábhar sraithe sóisearaí isteach. Ar an tslí sin beidh deis ann chun sonraíochtaí a chur i dtoll a chéile agus an fhorbairt ghairmiúil riachtanach a chur ar fáil do mhúinteoirí. Seo a leanas achoimre ar an tslí a dtabharfar na hábhair isteach de réir a chéile.

<b>Céim 1</b>	<b>Céim 2</b>
<b>Le tabhairt isteach sa chéad bhliain sa scoilbhliain 2014-15</b> <b>An chéad teastas i bhfómhar 2017</b>	<b>Le tabhairt isteach sa chéad bhliain sa scoilbhliain 2015-16</b> <b>An chéad teastas i bhfómhar 2018</b>
Béarla	Gaeilge Eolaíocht Staidéar Gnó
<b>Céim 3</b>	<b>Céim 4</b>
<b>Le tabhairt isteach sa chéad bhliain sa scoilbhliain 2016-2017</b> <b>An chéad teastas i bhfómhar 2019</b>	<b>Le tabhairt isteach sa chéad bhliain sa scoilbhliain 2017-2018</b> <b>An chéad teastas i bhfómhar 2020</b>
Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh Na Nuatheangacha Eacnamaíocht Bhaile Ceol Tíreolaíocht	Matamaitic Ábhair theicneolaíochta Oideachas Reiligiúnach Staidéar Giúdach Na Clasaicigh Stair

## Agus na gearrchúrsaí agus na haonaid foghlama tosaíochta?

### GEARRCHÚRSAÍ

Tá gearrchúrsaí á gcur i dtoll a chéile ag an CNCM. Céad uair an chloig d'am teagaisc in imeacht trí bliana a bheidh i gceist. Tá gearrchúrsaí in Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus in Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP) (a mhaireadh 60-70 uair an chloig tráth) agus i gCorpoideachas á gceapadh agus tógfaidh siad ar na siollabais sraithe sóisearaí atá ann anois. Beidh gearrchúrsaí eile ar fáil sna hábhair seo a leanas: Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha, Taibhiú Ealaíonta, Sínis agus Ríomhchlárú/Ríomhchódú. Beidh scoileanna in ann na gearrchúrsaí sin a chur ar fáil do dhaltaí ón mbliain 2014 amach, faoina rogha féin.

Beidh an tsaoirse ag scoileanna, agus ag eagraíochtaí eile, gearrchúrsaí dá gcuid féin a fhorbairt de réir an teimpléad atá leagtha amach ag an CNCM.

### AONAIÐ FOGHLAMA TOSAÍOCHTA (PLUanna)

Cuid de Chlár Foghlama Leibhéal 2 (L2LP) a bheidh sna PLUanna. Díreoidh an clár seo ar riachtanais foghlama agus creidiúnaithe dhaltaí ar leith atá faoi mhíchumas ginearálta foghlama sna catagóirí ardfheidhmíochta, meánfheidhmíochta agus ísealfheidhmíochta i gcásanna ina gcuirfeadh na riachtanais sin bac ar chumas na ndaltaí ábhar nó gearrchúrsa ar bith atá ar fáil a roghnú agus ina dteastaíonn torthaí foghlama tosaíochta fócasaithe.

Díreofar sna PLUanna ar scileanna sóisialta, réamhghairme agus saoil a fhorbairt sna daltaí i dtrácht. Cúig cinn de PLUanna a bheidh ann:

Cumarsáid agus litearthacht		Uimhearthacht
Cúram pearsanta	Conas maireachtáil le daoine eile	Ag ullmhú chun oibre

Tá gearrchúrsa ar “Cúram d’Ainmhithe: Tionscadal Pearsanta” á cheapadh ag an CNCM i láthair na huair agus beidh sé comhlínithe le Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

### Cé na hábhair agus na gearrchúrsaí a bheidh á ndéanamh ag na daltaí?

Beidh na daltaí in ann ábhair agus gearrchúrsaí a roghnú as an raon ábhar agus gearrchúrsaí a chuirfidh a scoil féin ar fáil ag an tsraith shóisearach. Idir ocht agus deich n-ábhar iomlána nó a gcomhionann a dhéanfaidh formhór na ndaltaí. Is féidir ceithre ghearrchúrsa ar a mhéad (gach ceann acu cothrom le leath-ábhar) a roghnú. Tá an teorainn sin ann ionas go mbeidh deis ag daltaí eispéiris foghlama den scoth a bheith acu gan an iomarca oibre a tharraingt orthu féin. Ciallaíonn sin go lorgóidh formhór na ndaltaí teistiú i gceann amháin de na teaglamaí seo a leanas:

- Ocht n-ábhar nó 7 n-ábhar + 2 ghearrchúrsa nó 6 ábhar + 4 ghearrchúrsa
- Naoi n-ábhar nó 8 n-ábhar + 2 ghearrchúrsa nó 7 n-ábhar + 4 ghearrchúrsa
- Deich n-ábhar nó 9 n-ábhar + 2 ghearrchúrsa nó 8 n-ábhar + 4 ghearrchúrsa

Déanfar gnóthachtáil an dalta a theistiú ar an Teastas Foghlama Scoile, a bheidh ina chuid de Phróifíl Ghnóthachta Sraithe Sóisearaí ina scoile. Bronnfar na teastais sin ar dhaltaí san fhómhar tar éis chríoch na sraithe sóisearaí.

### **An mbeidh croí-ábhair ann?**

Déanfaidh gach dalta Béarla, Matamaitic agus Gaeilge sa tsraith shóisearach i bhfianaise thábhacht ról an Bhéarla agus na Matamaitice ó thaobh tacú le litearthacht agus le huimhearthacht de agus i bhfianaise an stádas ar leith atá ag an nGaeilge i scoileanna Gaeilge agus i scoileanna Béarla araon.

Agus clár scoile á phleanáil, cuirfear san áireamh prionsabail an *Chreata*, na ráitis foghlama agus na heochairscoileanna, riachtanais na ndaltaí agus cé na múinteoirí atá ar fáil sa scoil.

### **Cad mar gheall ar OSSP, OSPS agus Corpoideachas?**

Dearfaidh an CNCM gearrchúrsaí sna hábhair sin agus beidh siad ar fáil sna scoileanna ó Mheán Fómhair 2014 amach. Féadfaidh scoileanna rogha a dhéanamh na gearrchúrsaí sin a bheith ina gcuid den chlár sraithe sóisearaí agus teistiú a thairiscint iontu nó gan teistiú a thairiscint. Féadfaidh siad rogha a dhéanamh gan dul leis na cúrsaí nua ach cloí leis na cúrsaí atá ann cheana féin nó le cur chuige éigin eile a chomhlíonfaidh prionsabail an *Chreata* agus na ráitis foghlama a bhaineann leis na réimsí sin. Faoi na scoileanna a bheidh sé a chinneadh conas is fearr is féidir freastal ar na ráitis foghlama, ar na heochairscoileanna agus ar na prionsabail a bhaineann leis na réimsí a chlúdaítear i láthair na huaire sna hábhair OSPS, OSSP agus Corpoideachas.

Ón mbliain 2017 amach, ní bheidh páipéir scrúdaithe in OSSP á gceapadh nó á scrúdú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

### **Maidir leis na réimsí foghlama eile, cad a tharlóidh ina gcás siúd?**

I dteannta na n-ábhar, na ngearrchúrsaí agus na PLUanna le haghaidh teistiú, beidh ar chumas daltaí bheith páirteach i ngníomhaíochtaí foghlama eile atá ina príoracht ag an scoil mar chuid de chlár oideachais leathan cothromaithe. Gníomhaíochtaí neamhtheistithe a bheidh iontu siúd agus d'fhéadfadh na hábhair thraidisiúnta a bheith ar áireamh iontu. Beidh deis ann tabhairt faoi ngníomhaíochtaí foghlama eile ar nós na treorach, ábhar atá coitianta cheana féin i mórchuid scoileanna cheana féin, ina bhfaigheann na daltaí deis dul i mbun foghlama, forbairt phearsanta agus forbairt scoileanna, agus obair bhuíne.

Mar shampla, is iomaí scoil a mhúineann oideachas reiligiúnach mar ábhar neamhscrúdaithe, tá scoileanna eile a mhúineann uirlisí ceoil traidisiúnta nó clasaiceacha, scoileanna eile ina n-eagraítear taibhiú ealaíonta (m.sh. dráma nó seó) agus tá clár gníomhaíocht shóisialta ag mórchuid scoileanna. Beidh deis ann leanúint de na ngníomhaíochtaí foghlama sin ar fad. An bónas a bheidh ann ná go ndéanfar gnóthachtáil na ndaltaí sna réimsí sin a chlárú ar Phróifíl Ghnóthachta Sraithe Sóisearaí na scoile.

## **An dtiocfaidh athrú ar chleachtais teagaisc agus foghlama?**

Trí na daltaí a chur i láir an chláir sraithe sóisearaí, beidh ar chumas scoileanna feabhas a chur ar eispéiris foghlama agus ar thorthaí daltaí. Cuirfidh na scoileanna, le cabhair óna gclár féinmheasúnaithe, oideachas ardchaighdeáin, cuimsitheach agus ábhartha ar fáil dá ndaltaí, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is é an t-athrú is mó a leanfaidh cur i ngníomh an Chreata an gaol nua idir an teagasc, an fhoghlaim, an measúnú agus torthaí. Chuige sin, ní mór don mheasúnú chun foghlama agus don mheasúnú ar an bhfoghlaim ar bhonn leanúnach agus tuairisciú torthaí an mheasúnaithe sin do dhaltaí a bheith ina phríomhthaca leis an eispéireas teagaisc agus foghlama in imeacht trí bliana na sraithe sóisearaí. Beidh sé mar chuid de riachtanais teagaisc agus foghlama na scoile ó thaobh féinmheasúnaithe de, mar a ndéanfar caighdeán an eispéiris foghlama a mheasúnú trí thorthaí foghlaimeoirí a bheidh nasctha leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama. (Féach roinn 3.3. de na Treoracha Féinmheasúnaithe Scoile le haghaidh Iar-Bhunscoileanna)

## **Cén sórt measúnachta a bheidh i gceist sa tsraith shóisearach nua?**

Baineann an measúnú sna scoileanna le faisnéis a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid chun tuiscint a fháil ar an tslí ina bhfoghlaimíonn daltaí agus ar an méid atá á fhoghlaim acu.

Go dtí seo, ba é Teastas Sóisearach an Stáit an t-aon mhodh measúnaithe, nach mór, sa tsraith shóisearach. Tionchar chun dochair ar chaighdeán eispéiris foghlama na ndaltaí a bhí ag an róbhéim sin ar scrúdú amháin scríofa ag deireadh na tríú bliana. Sháraigh sé iarrachtaí múinteoirí chun clár dúshlánach a chur ar fáil a dhéanfadh forbairt ar eolas, ar scileanna agus ar dhearcthaí daltaí ar shlí chothrom thaitneamhach. Is é fírinne an scéil i gcás mórchuid daltaí gurb é an scrúdú an rud is tábhachtaí sa tríú bliain.

Tá tuiscint nua againn anois, de thairbhe taighde ar an tslí ina bhfoghlaimíonn daoine, agus ar thaithí daltaí ar ghníomhaíochtaí ranga, ar a thábhachtaí atá an measúnú ó thaobh na foghlama a chur chun cinn. Tá tionchar ag na torthaí taighde sin ar gach cuid den churaclam. Cheana féin tá gníomhaíocht mheasúnaithe ag díriú ar mheasúnú chun foghlama seachas ar mheasúnú ar an bhfoghlaim, nó lena chur i mbeagán focal, ar a chumasú do dhaltaí agus do mhúinteoirí feabhas a chur ar chaighdeán na n-eispéireas agus na dtorthaí foghlama a bhíonn ag daltaí.

Príomhaidhm amháin le hathchóiriú na sraithe sóisearaí is ea cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir Measúnú chun Foghlama agus Measúnú ar an bhFoghlaim.

## **Conas a dhéanfar cuid den tsraith shóisearach den *Mheasúnú chun Foghlama*?**

Tá cineálacha éagsúla cur chuige in úsáid ag múinteoirí cheana féin chun eolas a bhailiú mar gheall ar an méid a fhoghlaimíonn daltaí. Tá taithí ag múinteoirí ar cheisteanna a chur, scrúduithe scríofa a thabhairt ag deireadh aonad léinn, tascanna obair bhaile a thabhairt agus a cheartú, scrúduithe deireadh bliana a cheapadh agus a mharcáil. Beidh na cineálacha cur chuige sin in úsáid i gcónaí ag múinteoirí sa tsraith shóisearach nua. Lena chois sin, déanfaidh daltaí scrúduithe caighdeánaithe sa léitheoireacht Bhéarla

agus sa mhatamaitic (ó 2004) agus san eolaíocht (ó 2016) sa dara leath den dara bliain. Déanfaidh daltaí i scoileanna Gaeilge scrúduithe caighdeánaithe sa léitheoireacht Ghaeilge (ó 2014) ag an am sin.

Sa tsraith shóisearach nua cuirfear béim i bhfad níos mó ar úsáid a bhaint as sonraí measúnaithe chun dul chun cinn a chur in iúl do dhaltaí agus chun cabhrú leo a gcuid foghlama a fheabhsú. Seo na rudaí a bheidh i gceist sa chur chuige *Measúnú chun Foghlama*:

- spriocanna foghlama a chomhroinnt le daltaí
- cabhrú le daltaí caighdeáin a cheapadh dóibh féin
- cabhrú le daltaí a gcuid foghlama féin a mheasúnú
- aiseolas a chur ar fáil chun go bhfeicfidh daltaí an méid atá le déanamh acu chun bearnaí ina gcuid eolas nó ina gcuid tuisceana a líonadh
- a chur ina luí ar dhaltaí go bhfuil ar chumas gach dalta dul i bhfeabhas
- mionathrú a dhéanamh ar an teagasc chun torthaí measúnachta a chur san áireamh ann

Beidh deis níos mó chun úsáid a bhaint as Measúnú chun Foghlama sna sonraíochtaí athchóirithe sraithe sóisearaí nua. Sna sonraíochtaí beidh ráitis shoiléire den eolas agus de na scileanna a shealbhóidh daltaí i ngach ábhar. Lena chois sin, cuirfear eiseamláirí d'obair daltaí ag gabháil leis na sonraíochtaí mar shamplaí den mhéid is féidir a bheith ag súil leis ó dhaltaí nuair a bheidh na torthaí foghlama bainte amach. Beidh na ráitis foghlama sa sonraíochtaí agus na heiseamláirí d'obair daltaí ina dtreoir do mhúinteoirí agus iad ag measúnú obair a ndaltaí féin.

Beidh eolas ar fáil ó scrúduithe caighdeánaithe sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht i dtreo dheireadh na bliana a chomhlánóidh na sonraí measúnaithe a bheidh ag múinteoirí cheana féin. Tá scrúduithe caighdeánaithe sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic i bhfeidhm cheana féin sna bunscoileanna agus cuirfear an t-eolas sin ar aghaidh anois ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Gheofar sonraí eile bunaithe ar fhianaise nuair a bheidh eolaíocht ar áireamh i scrúduithe na dara bliana. Cabhróidh an leanúnachas sin i sonraí measúnaithe le múinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí agus na chéad chéimeanna eile a aithint ar a son.

## **Conas a dhéanfar Measúnú chun Foghlama ag deireadh na sraithe sóisearaí?**

Cuirfear deireadh leis an scrúdú Teastais Shóisearaigh de réir a chéile agus gabhfaidh measúnú scoilbhunaithe a áit in imeacht na gcéad ocht mbliana eile. Déanfar ábhair a mheasúnú le meascán de chomhpháirteanna obair scoile agus de mheasúnú deiridh.

### **COMHPHÁIRTEANNA OBAIR SCOILE**

I gcás na gcomhpháirteanna obair scoile a dhéanfar a theistiú:

- beidh 40% de na marcanna iomlána ag dul dóibh de ghnáth
- beidh siad bunaithe ar shonraíocht an ábhair
- beidh tascanna ar leith le déanamh ag daltaí sa dara agus sa tríú bliain

- beidh baint dhíreach acu le haidhmeanna agus le torthaí foghlama an ábhair i dtrácht agus mar sin d'fhéadfaidís a bheith difriúil ó ábhar go hábhar
- múinteoirí sna scoileanna a dhéanfaidh iad a mharcáil le treoir mharcála a ghabhfaidh le sonraíocht an ábhair

Seo a leanas na cineálacha obair scoile a d'fhéadfadh a bheith i gceist: tionscadail, tascanna, cás-staidéir, taibhíthe, obair ó bhéal (i dteangacha, mar shampla), gníomhaíochtaí praiticiúla, obair scríofa agus trialacha/tascanna de chineálacha difriúla.

## MEASÚNÚ DEIREANACH AR ÁBHAIR

Déanfar an measúnú deireanach ar ábhair le haghaidh teistiú ag deireadh na tríú bliana

- beidh 60% de na marcanna iomlána ag dul dóibh de ghnáth
- páipéar amháin nó tasc amháin a bheidh i gceist de ghnáth (ag brath ar an ábhar) a cheapfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar dtús
- beidh siad ar fáil ag breis is leibhéal amháin i mBéarla, i nGaeilge agus sa mhatamaitic
- mairfidh siad dhá uair an chloig ar a mhéad
- múinteoirí sna scoileanna a mharcálfadh iad le scéimeanna marcála a sholáthróidh an Coimisiún, ach amháin i gcás an Bhéarla, na matamaitice agus na Gaeilge, a mharcálfadh an Coimisiún féin sna blianta tosaigh

Déanfar gearrchúrsaí agus PLUanna a mheasúnú le comhpháirteanna obair scoile amháin.

## Conas a thuairisceoidh scoileanna gnóthachtáil na ndaltaí?

I bPróifíl Ghnóthachtála Sraithe Sóisearaí an Dalta nua tuairisceofar foghlaim na ndaltaí.

Ar áireamh sa phróifíl beidh

- **Teastas Foghlama Scoile** ina sonrú ar na gráid a fuair an dalta sna hábhair agus sna gearrchúrsaí a chríochnaigh siad. Cúig cinn de phointí gráid a bheidh ann – Neamhshroichte (0 – 39%), Bainte amach (40 – 54%), Bainte amach le Tuillteanas (55 – 74%), Bainte amach le hArdtuillteanas (75 – 89%) agus Bainte amach le Gradam (90 – 100%). Gheobhaidh daltaí gráid in idir ocht agus ndéich gcinn d'ábhair (nó i dteaglaimaí combhionanna d'ábhair agus de ghearrchúrsaí). An scoil a bhronnfaidh na gráid, bunaithe ar cé na gráid a bheidh faighte ag an dalta sna comhpháirteanna obair scoile agus i gcomhpháirteanna an mheasúnaithe dheiridh (lena n-áirítear na marcanna a bheidh faighte ón gCoimisiún ar na comhpháirteanna deiridh sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa mhatamaitic.
- Eiseofar an chéad Teastas Foghlama Scoile i bhfómhar 2017.
- Tuairiscí ar eispéiris foghlama agus ar gnóthachtáil an dalta
- Torthaí na scrúduithe caighdeánaithe sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht a rinneadh i dtreo dheireadh na dara bliana.

## Conas a dhéanfar cáilíocht agus caighdeáin a dhearbhú?

Seo an tslí a dhéanfar measúnú a dhearbhú agus a thacú ó thaobh cáilíochta de in imeacht thrí bliana na sraithe sóisearaí:

- I sonraíocht gach ábhair beidh torthaí foghlama soiléire, ionchais don fhoghlaim, agus eiseamláirí d'obair daltaí a thaispeánfaidh na caighdeáin a mbeifear ag súil leo. Beidh teacht ag daltaí agus ag tuismitheoirí ar an ábhar sin
- Cuirfear oiliúint chuimsitheach ghairmiúil ar mhúinteoirí i dtaca le measúnú oideachais, lena n-áirítear próisis mhodhnóireachta agus conas aiseolas a thabhairt do dhaltaí
- Cuirfear oiliúint chuimsitheach ghairmiúil ar phrófomhoidí agus ar leas-phrófomhoidí i dtaca le ceannaireacht curaclaim, measúnú oideachais lena n-áirítear modhnóireacht agus bainistíocht ar athrú
- Sa chóras nua tuairiscithe spreagfar múinteoirí chun fianaise ar fhoghlaim a thuairisciú i ngach ábhar, gearrchúrsa agus eispéireas foghlama eile a thairgeann an scoil
- Gheobhaidh múinteoirí amach ó na scrúduithe caighdeánaithe nua sa léitheoireacht Bhéarla, sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht conas mar atá ag éirí lena ndaltaí féin i gcomórtas le daltaí eile ag an aois chéanna. Cuirfear torthaí na scrúduithe sin ar fáil do thuismitheoirí agus don Roinn.
- In uirlisí úsáide curaclaim agus modhnóireachta an CNCM beidh ábhair mheasúnaithe do mhúinteoir le húsáid sa seomra ranga, ábhair a mbeifear in ann measúnú scoile agus measúnú ranga a bhunú air. Cuirfear treoirlínte ar fáil chomh maith i dtaobh modhnóireacht scoile, agus taispeánfaidh sé an tslí inar féidir le dialóg ghairmiúil idir múinteoirí i scoil (agus idir scoileanna, i gcás nach bhfuil an t-ábhar á múineadh ag an dara múinteoir) comhthuiscint a chur chun cinn i dtaca leis na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo.
- Cuirfear na torthaí a bhronnfar ar gach teastas scoile ar aghaidh go dtí an Roinn. Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar phátrúin náisiúnta agus ar phátrúin scoile agus ar na torthaí sna scrúduithe caighdeánaithe léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta. Dearbhú cáilíochta breise a bheidh sa mhonatóireacht sin agus aithneoidh sí aon neamhréir áitiúil nó náisiúnta. Foilseofar tuarascáil rialta ar na treochtaí iomlána.
- Cuirfidh an Roinn próifíl sonraí ar fáil do gach scoil bunaithe ar an eolas a chuireann an scoil sin ar fáil. Aibhseofar sa phróifíl sonraí sin pátrúin ghnóthachtála i gcomórtas le scoileanna atá inchomparáide leo. Foinse thábhachtach eolais do phróiseas féinmheasúnaithe na scoileanna a bheidh sna próifílí agus sna sonraí sin.

Lena chois sin, beidh Éire páirteach i gclár PISA i gcónaí agus déanfar measúnú náisiúnta nua samplach ar an léitheoireacht Bhéarla agus ar an mhatamaitic mar chuid d'fheidhmiú na *Straitéise*.

## **Cén ról a bheidh ag na boird bhainistíochta, ag príomhoidí agus ag foireann bhainistíochta shinsearach sna hathruithe seo?**

Chun ceannaireacht scoile in Éirinn a dhéanamh níos gairmiúla, beidh ar lucht bainistíochta in éineacht le múinteoirí teagmháil a bheith acu le tuismitheoirí agus le daltaí chun gur féidir clár sraithe sóisearaí a cheapadh a fhreastalóidh ar riachtanais daltaí ar an tslí is fearr is féidir. Ní mór daltaí a bheith i gceartlár an phróisis ar fad. Is é caighdeán na n-eispéireas foghlama agus teagaisc a mheallfaidh daltaí le tairbhe a bhaint astu agus torthaí foghlama sásúla a bhaint amach.

Mar threoraithe an teagaisc agus na foghlama, beidh cur i bhfeidhm rathúil an *Chreata* ag brath ar thacaíocht agus ar thiomantas uaibh. Tá critéir sa *Chreat* a chaithfear a chomhlíonadh, ach tá solúbthacht ann, leis, ionas gur féidir le lucht bainistíochta agus an fhoireann, i gcomhar le daltaí agus tuismitheoirí, clár na n-ábhar, na ngearrchúrsaí, na PLUanna (más cuí) agus na n-eispéireas eile foghlama is oiriúnaí a cheapadh. Táimid ar fad ag súil leis go gcomhlíonfaidh ár ndaltaí gach gealladh atá fúthu.

## **An mbeidh na daltaí páirteach i gcheapadh an chlár scoile?**

Leagtar béim ar fud an *Chreata* ar “daltaí a bheith i gceartlár na gclár sraithe sóisearaí a chuirfear ar fáil sna scoileanna”. Faoin g*Creat* beidh solúbthacht ann maidir leis an teaghlaim d'ábhair, de ghearrchúrsaí, de PLUanna agus d'eispéiris foghlama eile is féidir a sholáthar sna trí bliana. Ba cheart na cláir a cheapadh i gcomhar leis na daltaí atá tofa ar Chomhairle na nDaltaí. Leis an mbéim nua ar mheasúnú, beidh deiseanna leanúnacha ag múinteoirí chun tuiscint a fháil ar céard é a thaitníonn lena gcuid daltaí, cad iad na rudaí a iompaíonn iad i gcoinne an teagaisc, agus cá háit, mar shampla, is gá daltaí a inspreagadh. Trí dhialóg idir lucht bainistíochta, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí is féidir teacht ar thuairim eolach ar an gcineál cláir is mó a d'oirfeadh do na daltaí. Cabhróidh a leithéid de chur chuige le scoileanna sna próisis féinmheastóireachta agus iad ag iarraidh feabhsúcháin a dhéanamh ina scoil féin.

## **An dtabharfar aird ar thuairimí tuismitheoirí?**

Ba cheart deis a bheith ag tuismitheoirí chun a dtuairim a thabhairt faoin gclár sraithe sóisearaí, le linn dó a bheith á cheapadh agus á athbhreithniú. Ba cheart aird a thabhairt ar thuairim tuismitheoirí faoin tslí ina dtuairisceoidh an scoil dóibh ar dhul chun cinn a leanáil san fhoghlaim. Ba cheart do scoileanna féachaint chuige go mbíonn na tuismitheoirí ina gcomhpháirtithe dilis de phróiseas féinmheastóireachta na scoile.

## **Conas is féidir le príomhoidí agus múinteoirí iad féin a ullmhú chun na hathruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm?**

Ní cleachtadh chun airgead a shábháil é cur i bhfeidhm an *Chreata*. An aidhm atá leis ná eispéireas foghlama níos fearr a chur ar fáil dár ndaltaí. Agus teastaíonn tacaíocht chun athrú a chur i bhfeidhm go rathúil. Déanfaidh an CNCM agus CSS ábhair a ullmhú a threoróidh na scoileanna ar conas an clár nua a chur i bhfeidhm. Lena chois sin, cuirfear acmhainní i leataobh chun forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a chur ar fáil do



phrómhoidí, do leas-phrómhoidí agus do mhúinteoirí. Tá foireann nua FGL le haghaidh na sraithe sóisearaí á bunú i láthair na huaire, foireann a dhíreoidh ar fheidhmiú an *Chreata* agus ar chúrsaí measúnachta go háirithe. Tá súil againn go gcuirfear tús leis an FGL i bhfómhar na bliana 2013.

## **Cá bhfaighinn tuilleadh eolais ar an tsraith shóisearach?**

Beidh suíomh Gréasáin ar leith ann don tsraith shóisearach nua. Ina theannta sin, beidh sonraí an churaclaim, de réir mar a cheapfar iad, le fáil ar shuíomh Gréasáin an CNCM ag [www.ncca.ie](http://www.ncca.ie) agus ar shuíomh Gréasáin CSS ag [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie). Ar ghnéithe den mheasúnú a bheidh suíomh CSS dírithe. Gheofar naisc chuig suíomhanna bainteacha eile ó [www.education.ie](http://www.education.ie)

## **An bhfuil baint ag na hathruithe ar an tsraith shóisearach le rudaí eile atá ag tarlú?**

Gach ceann de na mórathruithe a bheidh á dtabhairt isteach sna scoileanna go luath, ceapadh iad mar phacáiste comhtháite ina mbeidh na heilimintí ar fad ag comhlánú a chéile. Ní beartais aonair iad, ná bearta atá scoite amach ó bhearta eile. Ina áit sin, ní mór féachaint ar na pleananna chun feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim mar pheleananna a chomhlánfaidh a chéile agus a thacóidh lena chéile.

- Aidhm mhór amháin atá leis an *Straitéis* ná athchóiriú a dhéanamh ar churaclam na sraithe sóisearaí. Aithníodh sa *tSraitéis* gur gá béim níos mó a chur ar litearthacht agus ar uimhearthacht agus tugadh tús áite inti d'athchóiriú an Bhéarla agus na Gaeilge agus do thabhairt isteach Thionscadal Mata ar bhonn leanúnach. Sin an fáth a dtabharfar tús áite don Bhéarla (agus don Ghaeilge sna scoileanna Gaeilge) san athbheithniú a dhéanfar ar ábhair sa *Chreat*. Lena chois sin, beidh sé soiléir ó sonraíochtaí na n-ábhar eile go bhfuil béim níos mó á cur ar theagasc na scileanna litearthachta agus uimhearthachta i ngach cuid de churaclam na sraithe sóisearaí agus ar dhaingniú na scileanna sin.
- Cuid dhílis den *Straitéis* agus den *Chreat* is ea é scrúduithe caighdeánaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht a thabhairt isteach i gcaitheamh na dara bliana in iar-bhunscoileanna. Beidh na scrúduithe sin tugtha isteach cheana féin sna bunscoileanna agus beidh ceangal ar bhunscoileanna sonraí measúnaithe a chur ar aghaidh go dtí na hiar-bhunscoileanna.
- Bhí sé fógartha, leis, sa *tStraitéis* go mbeadh *Féinmheastóireacht Scoile* á tabhairt isteach. Tacóidh sin go mór le cur i bhfeidhm an *Chreata*.

Sna *Treoirínte ar Fhéinmheastóireacht* (2012), iarrtar ar scoileanna díriú ar fheabhsú an teagaisc agus na foghlama, i réimsí na litearthachta agus na huimhearthachta, i dtús báire. Agus na sonraíochtaí agus na socrúithe measúnaithe athchóirithe á dtabhairt isteach i ranganna na sraithe sóisearaí, spreagfar múinteoirí chun féachaint ar chonas mar a réitíonn a gcleachtas reatha leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó na daltaí. Gheofar fianaise ar dhul chun cinn daltaí ó fhoinsí éagsúla measúnaithe a bheidh in úsáid sa tsraith shóisearach, lena n-áirítear scrúduithe caighdeánaithe sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus

san eolaíocht. Ar an tslí sin, beidh deis ag scoileanna idirdhealú a dhéanamh idir na codanna sin dá gcleachtas reatha atá oiriúnach don chuspóir agus na codanna sin nár mhór a fheabhsú nó a athrú. Sin is ciall le féinmheastóireacht scoile, ag deireadh an lae. Go deimhin beidh forluí idir an Plean Feabhsúcháin Scoile a bheidh riachtanach faoin gcóras Féinmheastóireachta Scoile, plan litearthachta agus uimhearthachta na scoile agus plan na scoile maidir le tabhairt isteach na n-athruithe ar an tsraith shóisearach.